Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
10
a chmhainn do bhliain 10

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a hAon Luach do Shaothair



an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 10 acmhainn do bhliain 10

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Cad iad Cáilíochtaí?	6
Téama 2	Cáilíochtaí Domsa	8
Téama 3	Cáilíochtaí agus Poist	9

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
10
acmhainn do bhliain 10

Aidhm

San aonad seo, déanann na daltaí iniúchadh ar cháilíochtaí. Go háirithe:

- fiosraíonn siad an réimse cáilíochtaí atá ar fáil;
- measann siad foinsí ábhartha eolais a bhaineann le cáilíochtaí;
- amharcann siad ar na tairbhí a bhaineann le cáilíochtaí a fháil; agus
- amharcann siad ar cé acu atá cáilíochtaí faoi leith de dhíth ar roinnt post nó nach bhfuil.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:

- dul i gleic leis an phróiseas phearsanta pleanála gairmeacha agus roghanna iar-14 a fhiosrú agus teacht ar chinntí fúthu, ag aithint dóibh go n-athróidh na dearcaí ar chúrsaí oibre thar am agus go bhfuil tionchar ag luachanna teaghlaigh agus pobail orthu; agus
- úsáid chuí a bhaint as eolas, comhairle agus treoir le bainistíocht gairmeacha a fhoirmiú.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil réimse cáilíochtaí ar fáil;
- go ndéantar catagóiriú ar cháilíochtaí faoi leibhéil éagsúla;
- go bhfuil réimse TGMOanna ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu ag Eochairchéim 4;
- go bhfuil roinnt foinsí eolais ann a bhaineann le cáilíochtaí;
- go bhfuil cáilíochtaí tábhachtach; agus
- go mbíonn cáilíochtaí faoi leith de dhíth ar phoist áirithe.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta cur síos ar chuid de na tairbhí a bhaineann le cáilíochtaí a fháil;
- aithneoidh siad go bhfuil cineálacha éagsúla cáilíochtaí ann;
- beidh siad ábalta na cúrsaí TGMO atá ar fáil dóibh a aithint;
- aithneoidh siad go bhfuil leibhéil éagsúla cáilíochtaí ann;
- aithneoidh siad go mb'fhéidir go mbeadh orthu cáilíochtaí faoi leith a fháil, fiú ag leibhéal TGMO más mian leo gairmeacha nó poist áirithe a leanúint; agus
- aithneoidh siad go mbeidh pleanáil, obair chrua, daingne agus dul siar de dhíth le bheith ag staidéar faoi choinne cáilíochta.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Ag obair le daoine eile

- Bheith níos freagraí de réir a chéile as an obair a shanntar sna foirne.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad iad na TGMOanna atá ar fáil dom?*
- *Cad iad na cáilíochtaí eile atá ar fáil i ndiaidh Eochairchéim 4?*
- *Cad é an tairbhe a bhainfidh mé as cáilíochtaí a fháil?*
- *An gcaithfidh mé staidéar a dhéanamh le cáilíochtaí faoi leith a fháil le bheith ábalta bheith ag obair i bpoist nó i ngairmeacha áirithe.*

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Cad iad Cáilíochtaí?

Fiosraíonn na daltaí an réimse cáilíochtaí atá ar fáil dóibh. Tosaíonn siad ag aithint do ndéantar cáilíochtaí a chatagóiriú i leibhéil éagsúla a bhfuil an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí mar bhuntaca acu. Fiosraíonn na daltaí na tairbhí a bhaineann le cáilíochtaí a fháil agus sainaithníonn siad foinsí ábhartha eolais faoi cháilíochtaí.

Téama 2
Cáilíochtaí Domsa

Fiosraíonn na daltaí cáilíochtaí atá ar fáil dóibh agus amharcann siad ar cad é atá i gceist le bheith ag staidéar faoina gcoinne.

Téama 3
Cáilíochtaí agus Poist

Foghlaimíonn na daltaí go bhfuil cáilíochtaí faoi leith de dhíth le roinnt post nó gairmeacha a dhéanamh.

Téama 1
Cad iad Cáilíochtaí?

Fiosraíonn na daltaí an réimse cáilíochtaí atá ar fáil dóibh. Tosaíonn siad ag aithint do ndéantar cáilíochtaí a chatagóiriú i leibhéil éagsúla a bhfuil an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí mar bhuntaca acu. Fiosraíonn na daltaí na tairbhí a bhaineann le cáilíochtaí a fháil agus sainaithníonn siad foinsí ábhartha eolais faoi cháilíochtaí.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Cártaí Cáilíochta* (Áis 1)
- *Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta* (Áis 2)
- *Dréimire na gCáilíochtaí* (Áis 3)

Gníomhaíocht 1

Mar rang, pléigí cad é a chiallaíonn an téarma cáilíocht. Taifead freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Cuir a bhfreagairtí i gcomparáid leis an sainmhíniú seo a leanas ar cháilíocht: *Aithint fhoirmiúil den fhoghlaim ó fhoras nó údarás cáiliúcháin aitheanta.*

Mar rang, déan ransú smaointe ar an oiread cáilíochtaí agus is féidir. Liostaigh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Mol do na daltaí smaoineamh faoi cháilíochtaí a bhfuil eolas acu orthu cheana féin, mar shampla TGMOanna, Leibhéal AS, Ard- Leibhéal, Ard-Dioplóma Náisiúnta nó Céim.

Eagraigh an rang i ngrúpaí de cheathrar daltaí. Tabhair cóip de na *Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta* agus na *Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta* do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa gach ceann de na *Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta* a mheaitseáil le ceann de na *Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta*. Ansin, cuir cóip d'Áis 3 ar fáil do gach grúpa. Cuir am ar fáil do na grúpaí an t-eolas a chuirtear ar fáil a phlé agus samplaí de cháilíochtaí a aimsiú.
Mol do na grúpaí aontú ar:
- rud amháin a bhí ar eolas acu cheana;
- dhá rud a d'fhoghlaim siad; agus
- trí cheist atá acu.

Tabhair cuireadh d'ionadaí ó gach grúpa aiseolas a sholáthar don chuid eile den rang. Mar rang, pléigí cinntí agus ceisteanna gach grúpa. Mol do na daltaí:
- an dóigh a bhfuil cáilíochtaí difriúla coibhéiseach a thabhairt faoi deara; agus
- bealaí chun cinn éagsúla suas an dréimire a shainaithint.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, iarr ar na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:
- Cad iad na cáilíochtaí atá ar fáil ag ár scoil?
- Cad é an leibhéal cáilíochtaí ba mhaith leat a bhaint amach sa todhchaí?
- Cén áit a dtig leat níos mó a fháil amach faoi cháilíochtaí?

Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí dul ar ais sna grúpaí céanna ina raibh siad do Ghníomhaíocht 1. Cuir lipéad 'A' ar leath de na grúpaí agus 'B' ar an leath eile. Tabhair cuireadh do gach grúpa a bhfuil lipéad 'A' orthu ransú smaointe a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le cáilíocht a bhaint amach. Iarr ar na grúpaí 'B' uile amharc ar na míbhuntáistí a bhaineann le cáilíocht a bhaint amach. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa aiseolas a thabhairt don chuid eile den rang ar a bhfreagairtí. Mar rang, pléigí cad iad na tréithe nó na saintréithe pearsanta atá de dhíth le cáilíocht a bhaint amach. Déan liosta de fhreagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt.
Ina measc bheadh b'fhéidir:
- fís don todhchaí;
- foighne;
- spreagadh;
- daingne;
- dúthracht; agus/nó
- pleanáil.

Mol do na daltaí a bhfreagairtí a chosaint trína mhíniú cad chuige a gcreideann siad a bhfuil na tréithe seo tábhachtach.

Gníomhaíocht 3

Cuir cuireadh ar aoichainteoir, a bhfuil cáilíocht bainte amach aige/aici, labhairt leis an rang. B'fhéidir gur dalta a bhfuil a chuid/cuid TGMOanna nó scrúduithe Leibhéal AS críochnaithe aige/aici atá an, nó iardhalta. Mol do na daltaí ceisteanna a chur ar an aoichainteoir faoina gcáilíocht, mar shampla:
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le do cháilíocht(aí) a bhaint amach?
- An mbaineann míbhuntáistí le do cháilíocht(aí) a bhaint amach?
- An léiríonn tusa aon cheann de na tréithe pearsanta a sainaithníodh sa ghníomhaíocht roimhe seo?

Gníomhaíocht – 4 Deis Sínte

Mínigh don rang go dtig leo eolas a fháil faoi cháilíochtaí ó réimse foinsí, mar shampla láithreán gréasáin CCEA, an t-idirlíon agus/nó leabharlann gairmeacha. Mol do na daltaí smaoineamh faoi bhealaí eile a dtiocfadh leo eolas a fháil ar cháilíochtaí.

Eagraigh an rang ina ngrúpaí beaga. Iarr ar gach grúpa foinse amháin eolais faoi cháilíochtaí a roghnú. Ansin, iarr orthu an fhoinse sin a mheas ag úsáid critéar ratha comhaontaithe.
I measc na gcritéar ratha bheadh b'fhéidir:
- fusacht le húsáid;
- ábharthacht;
- soiléireacht; agus/nó
- eolas a chuirtear ar fáil.

Mol do na grúpaí róil ghrúpa a ainmniú don ghníomhaíocht seo. Nuair a bhíonn na grúpaí críochnaithe, tabhair cuireadh dóibh tuairisc a scríobh le hachoimre a dhéanamh ar a gcuid cinntí, bunaithe ar na critéir ratha. Ansin, cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a dtuairisc a chur i láthair don chuid eile den rang. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí amharc ar cé chomh maith agus a d'oibrigh siad ina ngrúpa.

Téama 2
Cáilíochtaí Domsa

Fiosraíonn na daltaí cáilíochtaí atá ar fáil dóibh agus amharcann siad ar cad é atá i gceist le bheith ag staidéar faoina gcoinne.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Teimpléad Leabhrán na gCáilíochtaí* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Cuir i gcuimhne do rang go gciallaíonn TGMO Teastas Ginearálta an Mheánoideachais. Iarr orthu ransú smaointe a dhéanamh ar an réimse TGMOanna nó cáilíochtaí coibhéiseacha a thairgeann do scoil. Scríobh a gcuid freagairtí ar an chlár nó ar smeach-chairt. B'fhéidir go gcaithfeá an difríocht a mhíniú idir TGMOanna feidhmeacha agus ginearálta. Ag an deireadh, cuir liosta de na TGMOanna ar féidir staidéar a dhéanamh orthu ar do scoil ar fáil do na daltaí.

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga. Iarr ar gach grúpa na buncheisteanna a shainaithint ba mhaith leo a chur faoi na cáilíochtaí a thairgtear ar do scoil. Cuir cuireadh ar thuairisceoir ó gach grúpa a gcuid ceisteanna a chur i láthair don chuid eile den rang. Déan liosta de na ceisteanna uile atá ag na daltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

I measc na gceisteanna bheadh b'fhéidir:
- Cé a theagascann an cháilíocht?
- Cad iad na topaicí a chlúdaítear?
- Cad iad na scrúduithe a chaithfidh mé a dhéanamh?
- Cad é an obair chúrsá atá i gceist?
- Cad iad na deiseanna gairme a d'fhéadfadh an cháilíocht seo a thairiscint?

Mol do na daltaí amharc ar cé a bheadh ábalta a gcuid ceisteanna a fhreagairt.

Gníomhaíocht 2

Mínigh don rang go mbeidh acu le leabhrán tagartha cáilíochtaí a fhorbairt. Cuideoidh sé leo leis an phróiseas déanamh cinntí agus iad ag roghnú na n-ábhar le staidéar a dhéanamh orthu don TGMO. Mar rang, aontaígí ar na critéir ratha don leabhrán. Mar shampla, caithfidh na nithe seo a leanas bheith san áireamh sa leabhrán:
- leathanach clúdaigh;
- leathanach cláir;
- rannáin éagsúla (ina measc, freagraí ar chuid de na ceisteanna a tógadh sa ghníomhaíocht roimhe seo); agus
- gluais.

Roinn an rang ina mbeirteanna. Leithdháil cáilíocht ar gach beirt. Cuir in iúl do na beirteanna gurb é an tasc atá acu taighde a dhéanamh ar eolas faoin cháilíocht sin le cur isteach sa leabhrán tagartha cáilíochtaí. Ansin, dáil cóip de *Theimpléad Leabhrán na gCáilíochtaí* ar gach dalta. Iarr orthu an teimpléad a úsáid lena gcuid eolais faoin cháilíocht a thaifeadadh. Mínigh don rang go gcomhcheanglófar na teimpléid chríochnaithe leis an leabhrán tagartha cáilíochtaí a chruthú. Roimh an tasc, tabhair cuireadh dóibh plean a fhorbairt don dóigh a n-aimseoidh siad an t-eolas. B'fhéidir gurbh fhearr le daltaí a dteimpléad féin a dhearadh. Nuair a bhíonn na beirteanna réidh, sainscag na teimpléid chríochnaithe leis an leabhrán tagartha cáilíochtaí a chruthú.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Eagraigh Lá Eolais na gCáilíochtaí. Tabhair cuireadh do réimse múinteoirí ábhar agus do dhaltaí a bhfuil a gcuid cáilíochtaí críochnaithe acu ar na mallaibh 'clinicí' a bheith acu le daltaí ó Bhliain 10, ag freagairt aon cheist faoin cháilíocht a thairgtear.

Téama 3

Cáilíochtaí agus Poist

Foghlaimíonn na daltaí go bhfuil cáilíochtaí faoi leith de dhíth le roinnt post nó gairmeacha a dhéanamh.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Plé-Chártaí na gCáilíochtaí* (Áis 5)
- *Plé-Chártaí na bPost* (Áis 6)
- *Cárta Tuairisce na bPost agus na gCáilíochtaí* (Áis 7)

Gníomhaíocht 1

Mínigh don rang go bhfuil cuid de na cáilíochtaí níos úsáidí na cuid eile agus iad sa tóir ar ghairm faoi leith.

Roinn an rang i gcúig ghrúpa. Tabhair *Plé-Chárta na gCáilíochtaí* amháin do gach grúpa. Iarr orthu ransú smaointe a dhéanamh ar na poist a mbeadh an cháilíocht seo úsáideach dóibh. B'fhéidir go gcaithfeá *Plé-Chártaí na gCáilíochtaí* a leasú lena ndéanamh níos ábhartha do na cáilíochtaí a thairgtear ar do scoil.

Ansin, cuir cuireadh ar gach grúpa colláis a chruthú a dhéanann achoimre ar a gcuid cinntí. Mol do na grúpaí teideal na cáilíochta a chur ag an lár agus focail agus íomhánna a chur thart air a sheasann do na poist éagsúla a dtiocfadh leis an ábhar seo bheith úsáideach dóibh.

Tabhair cuireadh do na daltaí critéir ratha a ghiniúint don cholláis agus mol dóibh bheith chomh cruthaitheach agus a thig leo.

Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na grúpaí, taispeáin na colláisí sa seomra ranga. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí na critéir ratha a úsáid le dhá rud a mheas is maith leo faoina gcolláis agus rud amháin a thiocfadh leo a fheabhsú.

Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go n-éilíonn go leor post go mbeadh cáilíochtaí faoi leith ag na hiaratasóirí.

Roinn an rang ina mbeirteanna agus tabhair *Plé-Chárta na bPost* do gach beirt. Iarr ar gach beirt taighde a dhéanamh ar na cáilíochtaí atá de dhíth dá bpost leithdháilte. Lig dóibh an t-idirlíon nó leabharlann gairmeacha a rochtain lena gcuid taighde a dhéanamh. Ansin, tabhair cuireadh dóibh a *gCárta Tuairisce na bPost agus na gCáilíochtaí* a chomhlánú. Cuideoidh an áis seo leo a gcuid taighde a threorú.

Cuir cuireadh ar na beirteanna a gcuid cinntí a chur i láthair don chuid eile den rang.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Iarr ar na daltaí post a roghnú ar mhaith leo é a dhéanamh amach anseo b'fhéidir. Tabhair cuireadh dóibh taighde a dhéanamh ar na cáilíochtaí atá de dhíth don phost áirithe sin agus *Cárta Tuairisce na bPost agus na gCáilíochtaí* a chomhlánú.

Áis 1

Cártaí Cáilíochta

TGMO	TGO Leibhéal AS	TGO Leibhéal A2
A-Leibhéal	CBG	Staidéar Gairme
CNG	ADN	ATN
BA(Onóracha)	MA nó MSc	BA

Cártaí Sainmhínithe Cáilíochta

Teastas Gineárálta Meán-Oideachais	Teastas Gineárálta Oideachais (Fo-Ard-Leibhéal) Bliain 1 den Ard-Leibhéal	Bliain 2 den Ard-Leibhéal
Ard-Leibhéal Meán-Oideachais (AS agus A2 le chéile)	Cáilióchtaí a Bhaineann le Gairm	Tá an cháilíocht seo le gnóthú trí fhoghlaim trí obair.
Cáilíocht Náisiúnta Gairme	Ard-Dioplóma Náisiúnta	Ard-Teastas Náisiúnta
Céim Bhaitsiléir Ealaíon le hOnóracha	Céim Mháistir	Céim Bhaitsiléir Ealaíon

Áis 3

Dréimire na gCáilíochtaí

Leibhéal Cáilíochta	Cáilíochtaí	Samplaí
Leibhéal 7	- Céim Mháistir	
Leibhéal 6	- Céim le hOnóracha	
Leibhéal 5	- Céim - CNG Leibhéal 5	
Leibhéal 4	- ADN Leibhéal 4 - CNG Leibhéal 4 - CBG Leibhéal 4	
Leibhéal 3	- Ard-Leibhéil - Teastas Leibhéal 3 - CNG Leibhéal 3 - CBG Leibhéal 3	
Leibhéal 2	- TGMO gráid A*-C - Staidéar Gairme Leibhéal 2 - CNG Leibhéal 2 - CBG Leibhéal 2	
Leibhéal 1	- TGMO gráid D-G - Staidéar Gairme Leibhéal 1 - CNG Leibhéal 1 - CBG Leibhéal 1	
Leibhéal Iontrála	Cuireann teastais Leibhéil Iontrála ar do chumas dul ar aghaidh chuig réimse cúrsaí ar nós TGMO, nó cúrsaí CNG Leibhéal 1 agus CBG Leibhéal 1	

Áis 4

Teimpléad Leabhrán na gCáilíochtaí

Ábhar/Teideal:
Ainm Múinteora/Múinteoirí:
Príomhthopaicí a clúdaíodh:
Mionsonraí scrúduithe:
Mionsonraí obair chúrsa:
Eolas ábhartha eile:

Áis 5

Plé-Chártaí na gCáilíochtaí

TGMO (Ginearálta) Tíreolaíocht	TGMO (Feidhmeach) Eolaíocht
TGMO (Feidhmeach) Seirbhísí Airgeadais	TGMO (Ginearálta) Béarla
Staidéar Gairme Foirgníocht	CBG Éifeachtúlacht Phearsanta Leibhéal 3

Plé-Chártaí na bPost

Cuntasóir	Fisiteiripeoir
Dearthóir Gréasáin	Bainisteoir Bainc
Altra	Iriseoir
Ríomhchláraitheoir	Innealtóir
Sciamheolaí	Aistritheoir
Úinéir Gnólachta	Teicneoir Saotharlainne

Áis 7

Cárta Tuairisce na bPost agus na gCáilíochtaí

Teideal Poist:

Cáilíochtaí de dhíth:

TGMO:

A-Leibhéil:

ADN/Céim:

Cáilíochtaí breise gairme (más cuí):

Foinsí taighde/eolais a úsáideadh, mar shampla an t-idirlíon nó leabharlann ghairmthreorach:

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning